culture ireland
cultúr éireann
promoting the arts abroad
cur chun cinn na n-ealaíon thar lear

Treoirlínte

1. Is gníomhaireacht náisiúnta í Cultúr Éireann, a bhunaigh an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta i 2005 chun Ealaíona na hÉireann a chur chun cinn agus chun tosaigh sa chomhthéacs Idirnáisiúnta ag baint leasa as cistí atá ar fáil dóibh ón Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

   Áirítear i measc phríomhghníomhaíochtaí Chultúr Éireann –

   - **Deontais** ar ealaíontóirí as Éirinn nó ar eagraíochtaí ealaíon mar fhreagra ar iarratais a fuarthas le haghaidh cúnaimh den sórt sin agus **a mheastar de réir na gcritéar in uimhir 3 thíos**

   - **Maoiniú agus éascú do rannpháirteachas na hÉireann** ag ócáidí ealaíon idirnáisiúnta straitéiseacha.

   - **Ócáidí speisialta samhailteacha ealaíonta agus cultúrtha agus/nó gníomhaíochtaí a bhainistiú,** arna éileamh ag an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta.

   - **Comhairle a thabhairt don Aire** maidir le cúrsaí ealaíon agus cultúrtha idirnáisiúnta, agus cúnamh den sórt sin a chur ar fáil mar a iarrann an tAire ó am go chéile.

Aidhm na nDeontas

2. Bronntar deontais Chultúr Éireann chun tacaíocht a thabhairt do shár-imeachtaí cultúrtha na hÉireann i dtíortha eile. Breithnítear tograí le haghaidh ócáidí (m.sh. léiriúcháin, taispeántais, léachtaí), ócáidí nach mbíonn an eagraíocht ná an léiriúchán féin in ann na costais ina leith a íoc.

Incháilitheacht agus Critéir chun Tacaíocht a Fháil

3. Breithníonn deontais Chultúr Éireann iarratas ar gach cineál ealaíne arna sainmhíniú san Acht Ealaíon, 2003 mar "*ciallaíonn na healaíona aon léiriú cruthaitheach nó léirmhínitheach (cibé traidisiúnta nó comhaimseartha) i bhfoirm ar bith, agus folaítear leis, go háirithe, na fís-ealaíona, amharclannaíocht, litríocht, ceol, damhsa, ceoldráma, scannán, sorcas agus ailtireacht, agus folaítear leis aon mheán nuair a úsáidtear iad chun na críche sin*"

Caithfidh an t-iarratasóir a léiriú conas a chomhlíonfaidh an ócáid na critéir atá leagtha amach thíos.

Déanfaidh Bord Chultúr Éireann cinntí ar iarratais ar mhaoiniú bunaithe ar a mhéad agus a chomhlíonfaidh siad na critéir sin. Tá éileamh ard ar dheontais Chultúr Éireann agus ní bheifear in ann maoiniú a chur ar fáil i gcás gach iarratas a mheasfar a bheith incháilithe

Critéir

1. Caighdeán ard ealaíonta an togra
2. Tionchar straitéiseach sa tír ina mbeidh an ghníomhaíocht ar siúl
3. Inmharthanacht airgeadais agus feidhmíochta an togra
4. Oiriúnacht an togra i gcás na tíre óstaigh
5. Cion de na costais atá á seasamh ag an togróir nó ag aon eagraíochtaí iomchuí eile
6. Rannchur na gníomhaíochtaí molta le haidhmeanna agus cuspóirí straitéiseacha Chultúr Éireann, mar atá leagtha amach ina Straitéis 2006-2010.

Tabhair faoi deara le bheith incháilithe i gcomhair maoiniú is amhlaidh a chaithfidh gné taispeántais, feidhmiúcháin, rannpháirteachais nó chur i láthair a bheith ann i gcás lucht féachana leathan (m.sh. ag cur páipéar i láthair ag comhdháil, nó aithris filíochta, seachas a bheith i láthair ag ócáid).

I measc samplaí d'iarratais incháilithe atá

- Léiriúcháin Amharclainne agus Damhsa thar lear ag cuideachtaí atá bunaithe go gairmiúil, nó á stiúradh ag léiritheoir nó ag cóiréagrafaí gairmiúil
- Costais taistil lucht scannánaíochta a chuireann scannáin i láthair thar lear
- Léiriúcháin de chuid ceoltóirí atá bunaithe nó stiúrtha go gairmiúil, bannaí ceoil nó córghrúpaí
- Costais iompair an tsaothair ealaíne
- Léitheoireachtaí ag údair ar a gcuid saothar

I measc na gcineálacha iarratas nach mbeidh incháilithe do thacaíocht Chultúr Éireann tá:

- ócáidí a tharla cheana féin
- ócáidí spóirt
- taighde, staidéar nó oiliúint ghairmiúil
- maoiniú chun foirgnimh, feistis nó trealamh a cheannach / a dheisiú
- cláir nasctha bailte
- taisteal go hÉirinn
- malairtí nó cuairteanna scoile

- aistriúcháin
- foilseachán leabhar
- rannpháirteachas i gcomórtaisí ceoil agus damhsa

Iarratais a Dhéanamh

4. Tá foirmeacha iarratais ar fáil uathu seo a leanas, agus ba chóir iad a sheoladh ar ais chucu:
Cultúr Éireann
Seomra 315
23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Teil: 00 353 1 6313905/3994/3917
Facs: 00 353 1 6313956

Is féidir iarratais a chur i ríomhphost chuig cultureireland@dast.gov.ie

Tá foirmeacha ar fáil freisin ar ár suíomh gréasáin **www.cultureireland.gov.ie**

Spriocdhátaí le haghaidh Iarratas

5. Buailfidh Cultúr Éireann le chéile chun iarratais a bhreithniú 4 huaire sa bhliain go luath i mí an Mhárta, an Mheithimh, Mheán Fómhair agus na Nollag. Is é an dáta deiridh chun iarratais a fháil ná an 15ú lá den mhí roimhe sin.

I ngach cás, caithfear iarratais a fháil in am chun deis a thabhairt don Bhord iad a bhreithniú ar a laghad ocht seachtaine roimh an ócáid óna dteastaíonn an maoiniú.

Tabharfaimid admháil ar gach iarratas. Mura bhfuil admháil faighte agat ba chóir duit dul i dteagmháil le Cultúr Éireann. Ní ghlacfar le héilimh go ndeachaigh iarratas amú sa phost nó gur cuireadh moill air gan cruthúnas (deimhniú clárúcháin nó deimhniú postála).

Cuirfear iarratasóirí ar an eolas faoi chinneadh an Bhoird chomh luath agus is féidir tar éis gach cruinniú, go ginearálta laistigh de 10 lá oibre. Ní dhéanfaidh an Bord athbhreithniú ar iarratais nár éirigh leo.

Iarratasóirí Rathúla

6. Iarrfar ar gach iarratasóir rathúil coinníollacha iomlána na ndeontas atá leagtha amach i *gCoinníollacha an Deontais* a chomhlíonadh. Ina measc sin atá foirm tuairisce a chomhlánú, an t-éileamh ar dheontas a chur isteach laistigh de shé seachtaine ón ócáid agus aitheantas a bheith tugtha do thacaíocht Chultúr Éireann. Éilíonn Cultúr Éireann go gcuirfeadh gach duine a fhaigheann deontais aitheantas infheicthe dá gcuid tacaíochta ar taispeáint ar gach ábhar, foilseachán agus clár a bhaineann leis an ócáid. Caithfidh aitheantas den sórt sin teacht leis sin a thugtar d'urraitheoirí nó do dheontóirí eile a thugann an tacaíocht chéanna. Cuirfear cóipeanna den lógó ar fáil chun na críche sin agus níl cead ach ag ár gcomhpháirtithe agus na daoine a gheobhaidh deontas an lógó a úsaid.

Íocaíocht Dámhachtainí

7. Ní dhéanfar íocaíocht ach amháin maidir le hócáidí atá tarlaithe cheana. Nuair a bhítear ag seoladh tuairisce agus ag íoc deontais, níor chóir ach **bunadmhálacha** nó sonraisc a mbeidh admhálacha ag dul leo ag taispeáint fianaise den chaiteachas a chur isteach. **Ní ghlacfar** le fótachóipeanna, facsanna ná le sonraisc nach mbeidh admhálacha leo.

Comhaltacht Bhord Chultúr Éireann

8.

Mícheál Ó Súilleabháin Uas. (Cathaoirleach)	Ollamh le Ceol, Ollscoil Luimnigh
An tUasal John O'Shea	Stiúrthóir Gathering Traditional Festival
Mary McCarthy Uasal	Bainisteoir Ealaíon, Údarás Forbartha Cheantar Dugaí Átha Cliath
An tUasal Mark Mulqueen	Stiúrthóir Institiúid Scannán na hÉireann
Doireann Ni Bhriain Uasal	Comhairleach agus Craoltóir Ealaíon
An tUasal Patrick Sutton	Stiúrthóir an Gaiety School of Acting
Eve Molony Uasal	Bean Ghnó
An tUasal Peter Sirr	File agus Eagarthóir Poetry Ireland Review
Dearbhla Collins Uasal	Oiliúnóir Gutha agus Pianódóir
An tUasal Davey Arthur	Ceoltóir
Mary Cloake Uasal	Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon
An tUasal Niall O Donnchú	Rúnaí Cúnta, An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
An tUasal Hugh Swift	Rúnaí Cúnta, An Roinn Gnóthaí Eachtracha